



## Feidhmiú an Pholasaí don Oideacht Gaeltachta 2017-2022

### Uasdátú na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta

19 Márta 2019

#### **1. An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus Plean Gníomhaíochta 2018-2022**

Is ionann an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus polasaí an stáit i leith na Gaeilge. Tugtar léargas sa Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018–2022 a d’fhoilsigh an Roinn Cultúir Oidhreacht agus Gaeltachta thar ceann an Rialtais i mí Meithimh 2018 ar cad atá déanta ó foilsíodh an Straitéis agus ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag raon leathan páirtithe leasmhara, an Roinn agus Údarás na Gaeltachta san áireamh, chun tacú leis an nGaeilge agus leis an nGaeltacht thar na tréimhse 2018 go 2022.

- Leagtar amach sa phlean gníomhaíochta breis is 180 beart faoi leith a chuirfear i bhfeidhm i gcomhar le tuairim is 60 páirtí leasmhara ar bhonn tras-Rannach chun tacú leis an nGaeilge agus leis an nGaeltacht faoi 2022.
- Leagtar béim ar an méid a dhéanfar go sonrath ar bhonn comhpháirtíochta thar 5 bliana sa phlean.
- Tá tráthchlár ama luaite le gach beart agus aithnítear na páirtithe a bheidh freagrach as na bearta a chur i bhfeidhm sa phlean.

Tá dul chun cinn suntasach déanta chun tús a chur le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta ón am a foilsíodh anuraidh é;

- Tá an Coiste Stiúrtha, atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean bunaithe anois agus tionóladh dhá chruinniú de cheanna féin.
- Beidh ciste caipitil €15.56m san iomlán ar fáil do Údarás na Gaeltachta in 2019 le caitheamh ar thograí fostaíochta i gcomparáid le €5.687m in 2016.
- Tá €980,000 breise curtha ar fáil do Chlár Tacaíochtaí Pobail na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta in 2019. Fágann sé seo go mbeidh soláthar iomlán de €9.692m ar fáil do 2019.

- Tá soláthar €550,000 breise ar fáil don phleanáil teanga do 2019, rud a fhágann go mbeidh €3.2m in iomlán ar fáil i mbliana.

Bainfear leas as an gciste ar fad ar leas an phróisis pleanála teanga lar leas na Gaeilge agus na Gaeltachta

## 2. Staid Reatha an Phróisis Pleanála Teanga

Leanann ullmhúchán pleananna teanga ar aghaidh ar fud na Gaeltachta, sna bailte seirbhíse Gaeltachta agus sna líonraí Gaeilge.

- Tá plean teanga ceadaithe mar a bhaineann sé le 13 den 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta agus táthar ag súil go mbeidh suas le 23 plean ina iomlán ceadaithe faoin bpróiseas faoi dheireadh na bliana.
- Tá 9 n-Oifigeach Pleanála Teanga agus beirt Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga fostaithe ag ceannagraíochtaí na limistéir pleanála teanga go dáta agus tá gníomhaíochtaí na bpleananna teanga ábhartha tosaithe dá réir.
- Cistíocht suas le €100,000 nó suas le €150,000 curtha ar fáil d'fheidhmiú gach bliain de gach plean ceadaithe.
- Chun tuilleadh tacaíocht a chur ar fáil don Phróiseas Pleanála Teanga sa Ghaeltacht, tacaítear go lárnach le réimse gníomhaíochtaí éagsúla - na luathbhlianta, an teaghlach, na hóige agus na healaíona traidisiúnta:
  - Ceadaíodh maoiniú de €1,260,000 don tréimhse 2018/19 - 2020/21, chun deis a thabhairt do Chomhar Naíonraí na Gaeltachta a ngníomhaíochtaí a thacaíonn le seirbhísí luathbhlianta sa Ghaeltacht a leathnú.
  - Ceadaíodh maoiniú de €1,027,613 don tréimhse 3 bliana 2018/19 - 2020/21 do Thuismitheoirí na Gaeltachta chun dlús a chur leis an raon tacaíochtaí a chuireann siad ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge nó a dteastaíonn uathu é sin a dhéanamh.
  - Ceadaíodh maoiniú de €325,000 d'Ealaín na Gaeltachta in 2018 chun gníomhaíochtaí traidisiúnta teanga-bhunaithe a chur chun cinn sna healaíona traidisiúnta sa Ghaeltacht.

## 3. Tacaíochtaí Pobail agus Teanga

Cuireann an Roinn tacaíocht agus cistíocht shuntasach reatha ar fáil sa Ghaeltacht faoin gClár Tacaíochta Pobail agus Teanga, idir gníomhaíochtaí Caipitil agus Reatha. Tá breis is €9.7m curtha ar fáil don bhliana reatha chun cúram a dhéanamh do na scéimeanna seo a leanas:

- Tá allúntas de €1.02m ceadaithe chun Scéim na gCúntóirí Teanga a riar i 139 scoil Gaeltachta sa scoilbhliain reatha 2018/19 (112 bunscoil agus 27 iar-bhunscoil). Cuimsítear €230,000 breise san allúntas seo, a ceadaíodh chun 32

scoil bhreise a chuimsiú faoin scéim in 2018/19. Tá bailchríoch á cur faoi láthair ar athbhreithniú faoin scéim a mbainfear leas as chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an scéim in am trátha. Tá beartaithe cruinniú a ghairm go luath den choiste stiúrtha a bunaíodh chun comhairle a chur ar an Roinn faoin ábhar i dtreo a bheith in ann í a fhoilsiú chomh luath is féidir – tar éis é a bheith faofa ag an Aire Stáit.

- Scéim na gCampaí Samhraidh, a chuireann maoiniú ar fáil chun campaí samhraidh a eagrú trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Is i gcomhar le Muintearas a chuirtear an scéim seo ar fáil.
- Gníomhaíochtaí Spóirt agus Aclaíochta, a chuireann maoiniú ar fáil chun gníomhaíochtaí spóirt trí Ghaeilge a chur ar fáil i scoileanna áirithe Gaeltachta i gcomhar le Cumann Lúthchleas Gael agus Muintearas.
- Cúnamh Caipitil a chuirtear ar fáil chun bonneagar na Gaeilge sa Ghaeltacht a threisiú tuilleadh. Maoiníodh os cionn 50 togra caipitil in 2018. Chun tacú tuilleadh leis an earnáil luathoideachais Ghaeltachta ach go háirithe, ardaíodh an t-uasleibhéal cúnamh caipitil atá ar fáil don earnáil ó 80% go 95% in 2018.

Chun tuilleadh rannpháirtíochta a spreagadh, d’eagraigh an Roinn, i gcomhar leis an Údarás, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus páirtithe leasmhara eile, sraith cruinnithe le gairid a bhí dírithe ar na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil do scoileanna Gaeltachta a chur ar shúile phobal na scoileanna sin nár chláraigh faoin bpolasaí go dtí seo.

Ar mhaithe le tacú tuilleadh leis an bpróiseas agus leis an bpolasaí, tá an Roinn ag obair faoi láthair ar roinnt bearta breise i dtreo a bheith in ann iad a fhógairt chomh luath is atá siad faofa ag an Aire Stáit.